# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/941 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Meitheamh 2022

## lena gcláraítear ainm i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht

## ("Sopa da Pedra de Almeirim" (STR))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Phortaingéil ar chlárú an ainm "Sopa da Pedra de Almeirim" a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós amhlaidh nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas agóide don Choimisiún, ba cheart an t-ainm "Sopa da Pedra de Almeirim" a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear an t-ainm "Sopa da Pedra de Almeirim" (STR) isteach sa chlár.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír, sainítear táirge de chuid Aicme 2.21 béilí ullmhaithe atá faoi Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 70, 11.2.2022, lch. 23.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).